CAIBIDIL 2

Straitéis Foriomlán

2.1. Réamhrá

2.1.1. Soláthraíonn an straitéis foriomlán don chontae ráiteas comhleanúnach, comhtháite de na polasaithe agus cuspóirí ar gá a chur i bhfeidhm chun an fhís a bhaint amach den slí ina dhéanfaidh an contae forbairt sa todhchaí. Tháinig an fhís seo ón gcéim chomhairliúcháin poiblí in ullmhú an dréachta seo, comhairliúchán leis an gCoiste Polasaí Straitéiseach um Fhorbairt Pleanála agus Eacnamaíoch, treorú na mball, an taithí agus na tuairimí léirithe trí ullmhú na bpleananna ceantair áitiúil ar fud an Chontae agus forbairt na Straitéise Moil atá ionchorpraithe isteach i bplean purláin Thrá Lí/Cill Airne.

2.1.2. Le linn na polasaithe agus na cuspóirí sa phlean seo á fhoirmliú tá an t-údarás pleanála tar éis aird a thabhairt ar na cáipéisí seo a leanas:

An Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013
An Straitéis Náisiúnta Spásúlachta 2002-2020
Forbairt Inbhuanaithe – Straitéis d'Éirinn 1998
Treoirlínte Pleanála na Roinne
Meitheal Chiarraí 2002-2011
Plean Gníomhaithe Rochtain do Chách Údaráis Áitiúla Chiarraí 2008-2015
Údarás na Gaeltachta – Beartas Forbartha 2005-2015

I gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna, ní mór don Chomhairle aird a thabhairt ar pholasaithe agus ar threoirlínte an Rialtais (féach Caibidil 1), agus is laistigh de chomhthéacs na bpolasaithe seo a déantar polasaithe áitiúla a fhorbairt.

2.2. Comhthéacs Náisiúnta – Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 / Straitéis Náisiúnta Spásúlachta

2.2.1. Tá an Plean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013 mar threoirphlean maidir le forbairt eacnamaíoch agus sóisialta an Chontae go dtí 2013. Tá cur chun cinn na forbartha réigiúnach cothrom i measc na bpríomhchuspóirí sa phlean seo. Forbraíonn an plean seo ar an PFN roimh ré, inar aithníodh an gá a bhí ann le haghaidh Straitéis Náisiúnta Spásúlachta, d'fhonn forbairt réigiúnach a chur chun cinn ar fud na tíre trí scata conairí forbartha a aithint mar Gheataí agus Moil do réigiúin ar leith. Rinneadh na dorchlaí forbartha seo a dhearadh mar cheantair fáis a chuirfear chun cinn ó thaobh bonneagair agus infheistíochta chun go bhfeidhmeodh siad mar thiománaithe eacnamaíocha dá réigiúin féin.

2.2.2 Níl in aithint na gconairí forbartha ach an chéim tosaigh sa phróiseas um fhorbairt réigiúnach chothrom. Tá rathúlacht na straitéise spásúlachta ina ról chun fás eacnamaíoch láidir agus inbhuanaithe a bhaint amach ag brath ar roinnt fachtóirí lena n-áirítear forbairt **Cumais Acmhainne, Mais Chriticiúil agus Nascachtaí** an cheantair.

Sainmhínítear **Cumas Acmhainne** mar *an cumas a shealbhaíonn ceantar don fhorbairt a eascraíonn óna mhaoiniú d'acmhainní nádúrtha, daonra, lucht oibre, caipiteal eacnamaíoch agus sóisialta agus suíomh maidir le margaí.*

Sainmhínítear **Mais Chriticiúil** mar *an méid, dlús agus na tréithe den daonra a chuireann ar chumas réimse áiseanna a bheith tacaithe, agus ar féidir, dá bharr sin, leibhéil níos airde de ghníomhaíocht eacnamaíoch a mhealladh isteach agus a thacú.*

Is iad **Nascachtaí** *na slite ina ndéantar daoine, earraí, fuinneamh agus eolas a iompar.*

2.2.3 Cuireann na polasaithe agus na cuspóirí atá sa Phlean Forbartha Contae na coincheapa seo chun cinn trí nascachtaí feabhsaithe a éascú, mais chriticiúil a fhorbairt agus cumas acmhainne an chontae a fhógairt.

2.2.4 Chomh maith le cuspóirí eacnamaíocha agus spásúlachta an PFN, tá feabhas ar chaighdeán maireachtála mar chuspóir sa phlean freisin. Meastar gur féidir le pleanáil spásúlachta cheart cabhrú chun an caighdeán maireachtála a fheabhsú agus tá sé i measc ollchuspóirí an phlean seo amhail a dhéanamh.

2.3. Comhthéacs Náisiúnta - Forbairt Inbhuanaithe - Straitéis d'Éirinn

2.3.1 Is é seo polasaí an Rialtais maidir le forbairt inbhuanaithe, conas is féidir é a fhorfheidhmiú agus conas is féidir é a chomhtháthú isteach sa phróiseas cinnteoireachta. Tá na polasaithe sa cháipéis seo maidir le hinbhuanaitheacht tithíochta tuaithe mionathraithe ag foilsiú 'Sustainable Rural Housing – Guidelines for Planning Authorities' (Aibreán 2005).

2.3.2 Sustainable Rural Housing – Guidelines for Planning Authorities

Le foilsiú na cáipéise seo in Aibreán 2005, leagadh amach polasaí an Rialtais maidir le tithíocht tuaithe agus tugadh treoir mhionsonraithe i leith an treo ar cheart d'Údaráis Phleanála polasaí a fhoirmliú dá gceantar féin. Déanann an cháipéis ath-shainmhíniú ar choincheap na hinbhuanaitheachta maidir le tithíocht tuaithe agus, chomh maith le baint na dtagairtí ar neamh-inbhuanaitheacht na tithíochta tuaithe, cuimsítear toimhde i bhfabhar na tithíochta tuaithe inar féidir leis an t-iarratasóir a léiriú go bhfuil riachtanas cinnte ann chun cónaí i gceantar tuaithe.

2.4. Comhthéacs Áitiúil – Straitéis Bhoird Forbartha an Chontae

Meitheal Chiarraí

Is straitéis forbartha eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha le haghaidh forbairt an chontae atá i gceist le Meitheal Chiarraí i gcaitheamh na tréimhse 10 mbliana 2002 - 2011. Déantar imlíniú ar an bhfís atá ag Meitheal Chiarraí i roinnt mhaith Ráitis:

Fís Eacnamaíoch

Díriú ar láidreachtaí comparáideacha an chontae i réimsí cosúil le turasóireacht, talmhaíocht, táirgeadh bia, iascaigh agus forbairt na bhfiontar bige.

Fís Sóisialta agus Sláinte

Aghaidh a thabhairt ar chúrsaí sóisialta an chontae, an gá atá le hoideachas agus oiliúint, a aithint gur féidir caighdeán maireachtála a bhaint amach trí shaol sláintiúil agus riachtanais na ndaoine i gceantair tuaithe a aithint, ach go háirithe.

Fís Chultúrtha

Ag forbairt ar agus ag caomhnú féiniúlacht chultúrtha Chiarraí – eispéireas Chiarraíoch uathúil.

Fís Bhonneagrach

Éascaíocht rochtana chun an chontae do mhodhanna iompair uile. Bonneagar fónta um teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a sholáthar mar réiteach ar shuíomh imeallach Chiarraí. Forbairt na bhfoinsí fuinnimh, le tagairt ar leith do mhodhanna fuinnimh malartacha.

Fís Chomhshaoil

Forbairt chothrom idir cheantair uirbeacha agus tuaithe agus caomhnú an tírdhreacha uathúil sa chontae.

Tá sé i gceist ag an straitéis seo na hearnálacha eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha uile laistigh den chontae a chomhordú ar mhaithe le fís na straitéise a chur i gcrích.

2.5. Údarás na Gaeltachta – Beartas Forbartha 2005-2015

Tá cur síos achomair i mBeartas Forbartha 2005–2010 de chuid Údarás na Gaeltachta ar na polasaithe forbartha eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha don Ghaeltachta agus cuimsítear polasaithe ar leith maidir le tionscnaimh chultúrtha agus teangeolaíocha agus tionscadail teanga-bhunaithe.

2.6 Achoimre Chomhthéacs

Is laistigh de chomhthéacs na gcáipéisí polasaí seo atáthar tar éis polasaithe agus cuspóirí an Phlean Forbartha Contae a chruthú. Tá sé i gceist ag na polasaithe seo éascú a dhéanamh ar fhorbairt ar fud an Chontae. Níl siad beartaithe chun forbairt a theorannú in aon chor, ach chun í a rialú faoi réir na prionsabail a bhaineann le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe.

2.7 Saincheisteanna Straitéise

2.7.1 Táthar tar éis coincheapa i leith nascachtaí, cumas agus mais chriticiúil a aithint cheana féin i Mír 2.2.2. Ní tasc gan dua é **Cumas Acmhainne** ceantair a aithint, gan trácht ar na baic ar fhorbairt agus riachtanais an chontae chun go mbainfí amach barr a chumais, is tasc é ina bhfuil baint ag réimse leathan grúpaí eacnamaíocha agus sóisialta. Mar sin féin, táthar tar éis tús a chur leis an obair chun na hearnálacha éagsúla a chomhordú ar mhaithe le cur chuige comhtháite, comhordaithe a fhorbairt i leith cumas acmhainne an chontae a bhaint amach.

2.7.2 Tá **'Nascacht'** ar cheann de na príomh-choincheapa atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Spásúlachta. De bharr **imeallachas** an Chontae tá soláthar na nascacthaí i bhfad níos tábhachtaí fós. I ndáiríre tá na nascachtaí ábhartha i gcomhthéacs iompair, le nascacht leathanbhanda maith i gcomhthéacs teileachumarsáide.

2.7.3 Chun gur féidir leis an gContae an réimse áiseanna agus seirbhísí a theastaíonn ón bpobal a sholáthar, ní mór dó líon daonra áirithe a bhaint amach agus a choimeád. Beidh éagsúlacht ar **mhais chriticiúil** an daonra ag brath ar leibhéal na seirbhísí atá riachtanach, rud a chiallaíonn go bhfuil an mais chriticiúil atá riachtanach chun seirbhísí traidisiúnta a chothabháil i sráidbhaile an-difriúil uathu siúd i mbaile níos mó. Tá sé tábhachtach, áfach, polasaithe a chur in áit chun an mais chriticiúil atá riachtanach do gach leibhéal ar leith sa straitéis lonnaíochta a chur chun cinn. Le fás na mbailte beaga á chur chun cinn, ní bhaineann sé sin ón éileamh maidir le seirbhísí ar leibhéal níos airde i mbailte níos mó, toisc go mbainfidh pobail na mbailte níos lú leas as na seirbhísí ardleibhéil seo, mar shampla, linn snámha, ospidéil, s.rl. Tá aitheantas '**Rólanna Comhlántacha'** na lonnaíochtaí agus glacadh leis nach féidir le gach rud a bheith ag gach lonnaíocht ríthábhachtach i leith forbairt straitéise lonnaíochta cruinn. Baineann an coincheap seo leis na lonnaíochtaí níos mó laistigh den chontae cosúil le Trá Lí, Cill Airne agus Lios Tuathail, chomh maith leis na lonnaíochtaí níos bige ar fud an Chontae.

2.7.4 Ó foilsíodh na **Treoirlínte um Thithíocht Tuaithe** tá ceangal ar na hÚdaráis Pleanála ceantair faoi bhrú uirbeach a aithint agus polasaithe a fhorbairt chun forbairt a rialú sna ceantair sin trína gcumas chun forbairt a theorannú do mhuintir na háite agus do dhaoine le naisc thraidisiúnta acu leis an gceantar. Tá an polasaí sin díríthe ar srian a chur ar fhorbairt ribíneach agus sraoilleáil uirbeach, chomh maith le struchtúr níos comhtháite agus níos inseirbhísithe bailte a sholáthar. Eascraíonn an chuid is mó den éileamh ar thithíocht tuaithe aonuaire, i ndáiríre, as easnaimh i soláthar láithreacha agus áitreabh sna ceantair uirbeacha, idir infhaighteacht agus chostas. Go minic ní tugtar aon aird ar chostais maireachtála a ghabhann le cónaí níos faide ó shiopaí, seirbhísí, scoileanna agus gníomhaíochtaí fóillíochta i dtéarmaí taistil. Chomh maith leis an tionchar ar na daoine féin, tá tionchar ar thoirt tráchta laistigh de na bailte agus sráidbhailte tadhlacha chomh maith. De réir mar a thagann méadú ar líon na ndaoine a roghnaíonn cónaí lasmuigh de lonnaíochtaí, cruthaítear fadhb féinchothaithe, sa mhéid is go dtagann laghdú ar an daonra agus laghdú dá réir ar cháilíocht agus ar tharraingteacht na hoidhreachta tógtha, chomh maith le hinmharthanacht na siopaí agus na seirbhísí.

2.7.5 D'ullmhaigh an tÚdarás Pleanála Pleananna Ceantair Áitiúil do na lonnaíochtaí ar fud an Chontae atá tar éis dóthain tailte a aithint le haghaidh forbairt chónaitheach agus a sholáthraíonn réimse maith roghanna le haghaidh daoine ar mian leo cónaí i gceantar tuaithe. Tá sé i gceist ag an gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna ceantair áitiúil le linn saolré an phlean. Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle go bhfanfaidh na forálacha reatha, lena n-áirítear criosú ar úsáid talún, de chuid na Pleananna Ceantair Áitiúil glactha i bhfeidhm ag brath ar a n-athbhreithniú.

2.7.6 Braitheann cuid mhaith den fhás a táthar ag súil leis don Chontae ar imirce isteach. Ní féidir na réamh-mheastacháin agus **Mais Chriticiúil** an daonra atá riachtanach chun an Contae a ardú go leibhéal soláthar seirbhíse agus eacnamaíoch níos airde a bhaint amach mar a bhítear ag súil leis trí athnuachan nádúrtha den daonra atá ann cheana féin. Dá bharr sin, ní mór don Chontae na cúiseanna a aithint maidir le cén fáth go bhfuil sé níos fearr lonnú ansin seachas i gceantair iomaíocha eile ar fud an Chontae.

2.7.7 Is é an príomh-fhachtóir is fusa a aithint ná "**Caighdeán Maireachtála**". Tá timpeallacht ghlan, dea-áiseanna oideachais, dea-sheirbhísí sláinte, ardchaighdeán áiseanna sóisialta agus

cultúrtha, tránna agus chonláistí ar fad infhaighte go réidh. Ní féidir talamh slán a dhéanamh de na sócmhainní seo, áfach, agus ní mór leanúint leis na hiarrachtaí leantacha maidir le réimse agus cáilíocht na n-áiseanna sin a chothabháil agus a leathnú. Mar aon leis na naisc agus an bonneagair feabhsaithe, beidh na cáilíochtaí seo mar ábhar nirt an Chontae. Má táthar chun na pointí nirt sin a chur chun leasa, ní mór timpeallacht éifeachtach, tarraingteach, uirbeach a bheith ag gabháil le gach ceann de na lonnaíochtaí.

2.7.8 Ní dhéanann eastáit tithíochta neamhshuaithinseacha, droch-sráid-dreacha uirbeacha agus droch-chaighdeáin maidir le **Dearadh Uirbeach** rud ar bith chun daoine a mhealladh chun cónaithe i mbailte agus sráidbhailte. Tá tábhacht mhór ag baint le dearadh tithíochta i gceantair uirbeacha, agus is gá go spreagfadh caighdeáin cheantair dea-dheartha tithíochta, a bhíonn fite fuaite isteach sa phatrún lonnaíochta atá ann cheana féin, chun comharsanachtaí a fhorbairt agus braistint áite chinnte a sholáthar. Is bearta réamhghníomhacha a theastaíonn, chun comharsanachtaí, seachas eastáit tithíochta, a fhorbairt, ina mbeidh braistint áite agus féiniúlachta, seachas sráid-dreacha neamhshuntasacha gan ainm. Cuirfidh ardleibhéal dearaidh san **Fhearann Poiblí** go mór le caighdeán an chomhshaoil uirbí. Beidh buanna cosúil le féiniúlacht, comharsanacht, fearann poiblí ar ardleibhéal agus caipiteal sóisialta mar thréith d'fhiúntais reatha an cheantair agus uasmhéadófar tarraingteacht na háite mar shuíomh chun lonnú ann.

2.7.9 Is minic a fhorbraíonn lonnaíochtaí mar fhreagra ar a ngnéithe nádúrtha, a srianta agus a dtimpeallacht. Dá fheabhas a dtréithe is ea is mó an rath a bhíonn ag an lonnaíocht, agus is mó a fhás. Is ar an mbonn sin a d'fhás bailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae. Srian amháin atá ríthábhachtach ná an cumas chun diúscairt a dhéanamh ar eisilteach cóireáilte.

Tá roinnt de lonnaíochtaí sa Chontae ina **lonnaíochtaí tuaithe scaipthe** le cumas beag nó gan aon chumas in aon chor acu chun diúscairt a dhéanamh ar eisilteach cóireáilte. Meastar go mba cheart lonnaíochtaí dá leithéid a dtréithiúlacht reatha agus a bpatrún reatha a choimeád in ionad a bheith forbartha le heastát tithíochta aonair a úsáideann an cumas eiseach, gan aon dóigh fadtéarmach d'fhorbairt na todhchaí. Chuirfeadh forbairtí den chineál sin as do mhianach an cheantair go leibhéal do-ghlactha agus dhéanfaí dochar don phobal ar bhonn fadtéarmach.

2.7.10 Chuir **dídhaonrú na tuaithe** as don iliomad ceantar sa Chontae san am atá thart. Leis an bhfás eacnamaíoch le blianta beaga anuas, bhí sé ar a gcumas ag roinnt mhaith ceantar stop a chur leis an treocht seo, nó fiú cúrsaí a chur ar atreo, ach tá ceantair fós ann ina bhfuil caillteanas dídhaonraithe ag leanúint ar aghaidh. Ní mór polasaithe a fhorbairt chun lonnaíochtaí sna ceantair sin a neartú le feidhmiú mar chatalaíoch a n-athbheochana agus na coinníollacha agus an timpeallacht is gá a chruthú chun an daonra a mhéadú. I dtús báire ba cheart do na polasaithe seo díriú ar chomhábhar a sholáthar le haghaidh fás i lonnaíochtaí níos mó. Ba cheart na lonnaíochtaí níos mó a bheith mar phointe fócais d'fhorbairt bhonneagair, daonra agus fás soláthair seirbhíse. Ar fheitheamh chomhlíonadh an soláthair bhonneagair seo ba cheart go mbeadh sí mar aidhm ag na lonnaíochtaí níos lú a bpatrún lonnaíochta eiseach a chomhdhlúthú agus a gcarachtar agus a gcáilíochtaí intreacha a chothabháil.

2.7.11 Braitheann rathúlacht na mbearta atá leagtha amach sa Phlean Forbartha seo go mór ar fhás an daonra agus ar fhostaíocht. Tá gá le poist déantúsaíochta agus teicneolaíocha, ach go háirithe, chun caillteanais fhostaíochta sna hearnálacha talmhaíochta a sheach-chur agus soláthar a dhéanamh ar dheiseanna fostaíochta níos buaine ná b'fhéidir turasóireacht, atá séasúrach, iomaíoch agus fíor-íogaireach i leith imeachtaí idirnáisiúnta.

2.7.12 Le haghaidh fás fadtéarmach an Chontae caithfidh cumas an chaighdeáin maireachtála atá ar fáil a bheith comhcheangailte le **deiseanna fostaíochta inbhuanaithe**. Tá brú na hiomaíochta ó mhargaí domhanda ag dul i dtreis, go háirithe maidir le toscaí fostaíochta. Feictear soláthar **tionscal faisnéis-bhunaithe le breisluach ard** mar bhunú de chuid suntasacha d'fhorbairt soláthar fostaíochta inbhuanaithe sa Chontae. Ní mór den choincheap seo a bheith comhcheangailte le buanna iomadúla eiseacha cothaithe chun táirgí uathúla don cheantar a sholáthar agus leas a bhaint as buanna cruthaitheacha áitiúla.

2.7.13 Leanfaidh **fás turasóireachta** ar aghaidh le ról an-tábhachtach i bhforbairt an Chontae sa todhchaí. Tá solúbthacht agus caighdeán ina dhá fhachtóir tábhachtach mar dhúshláin ag an tionscal seo de réir mar a théann rachmas na muintire bundúchasaí i méid agus a bhíonn rochtain níos fusa ar na margaí iomaíochta. Tá forbairt an tsiúil mar chaitheamh aimsire fóillíochta de shíor ag fás agus tugann radhairc iontach an Chontae deis foirfe chun leas a bhaint as an limistéar fáis seo. Tá caibidil ar leith ar thurasóireacht sa Phlean Forbartha a leagann béim ar an tábhacht a bhaineann léi le haghaidh forbairt an Chontae sa todhchaí.

2.7.14 Tá neamhchinnteacht méadaitheach ag baint le soláthar agus slándáil soláthairtí **fuinnimh** don todhchaí. Cé nach bhfuil aon chomhaontú ar tháirgeadh cruinn 'ola buaice', níl aon dabht ach go n-ardóidh costas breoslaí iontaise go suntasach sna blianta atá le teacht le tionchar iarmhartach ar chostais táirgthe agus iomaíochas. Beidh méadú suntasach ar chostas iompair agus beidh tionchar ar leith aige seo ar chónaitheoirí agus pobail tuaithe iargúlta. Cé nach mbraithfear na tionchair atá bainteach le costais breosla méadaithe i rith tréimhse an phlean, braithfear iad tríd saolré na forbairtí a bheidh ceadaithe i rith tréimhse an phlean go cinnte. Tá sé rí-thábhachtach mar sin go spreagann an plean **patrúin lonnaíochta inbhuanaithe** ar féidir leo laghdú a dhéanamh ar na tionchair ó chostais fuinnimh méadaithe a táthar ag súil leo.

2.7.15 Beifear ag brath ar an **bhfuinneamh in-athnuaite** agus tá sé tábhachtach, ar son na cúiseanna a luadh roimhe seo chomh maith leis na deiseanna fostaíochta san earnáil seo, go spreagtar forbairtí cónaithe agus tráchtála a úsáid chun foinsí fuinnimh in-athnuaite a úsáid ina gcuid forbairtí.

2.7.16 Sa phlean seo meastar gur é atá i gceist leis an bhfocal 'cultúr' ná *na patrúin iompair tarchurtha go sóisialta de chuid daonra dúchasach an chontae mar aon lena gcuid gníomhaíochta ealaíonta agus intleachta, ealaíona, creidimh, institiúidí agus táirgí.* Ag úsáid an sainmhíniú seo tá sé soiléir go bhfuil féiniúlacht chultúrtha an-láidir i gCiarraí, lena n-áirítear a chuid spóirt, litríochta, ceoil agus ina cheantair Gaeltachta – a theanga. Tá sé tábhachtach d'fhéiniúlacht an chontae agus an daonra go gcosnófar agus go spreagfar an chultúr seo. Tá sé seo an-tábhachtach don **Ghaeilge** ach go háirithe.

2.8. Straitéis Foriomlán

2.8.1. An príomh-aidhm atá ag an Plean Forbartha Contae ná soláthar a dhéanamh ar chaighdeán maireachtála níos fearr do gach duine sa chontae agus ag an am céanna forbairt a rialú ar bhealach inbhuanaithe. Is féidir é sin a bhaint amach trí spreagadh a dhéanamh ar a dheiseanna sóisialta, cultúrtha agus fostaíochta, bonneagar agus iompar éifeachtach, áiseanna tithíochta agus pobail dóthanach chomh maith le timpeallacht sábháilte, sláintiúil agus glan a chuireann le dea-chaighdeán maireachtála. Spreagann an Plean Forbartha Contae na spriocanna seo.

Forbróidh Contae Chiarraí mar áit:

Foriomlán

- Ina mbeidh cáilíochtaí is dual don cheantar, acmhainní sóisialta, áineasa, cultúrtha agus timpeallachta san áireamh, in éineacht le deiseanna fostaíochta inbhuanaithe den scoth, ag cur suíomh uathúil ar fáil, mar aon le saol den scoth dá lucht cónaithe agus dá chuid cuairteoirí araon.
- Ina mbeidh na lonnaíochtaí mar phobail bheoga agus idirdhealaitheacha, le róil uathúla dá gcuid féin agus a dhéanann soláthar ar riachtanas sóisialta, eacnamaíocha agus fostaíochta a lucht cónaithe agus na habhantracha máguaird. Beidh siad ag forbairt mar áiteanna tarraingteacha cónaithe agus oibre agus cuirfidh siad réimse leathan roghanna cónaithe ar fáil.
- Ina mbeidh ardchaighdeán dearaidh uirbeach, agus ionchur ildisciplíneach atá riachtanach, chun ardchaighdeán timpeallachta oibre, conláiste agus cónaitheach do chónaitheoirí na lonnaíochtaí uile. Ina theannta sin freastalóidh an fhorbairt chun an timpeallacht uirbeach a fheabhsú agus chun an lonnaíocht a dhéanamh níos áille do lucht cónaithe agus do chuairteoirí araon.
- Ina rachfar i ngleic le dídhaonrú tuaithe trí soláthar gréasáin de lonnaíochtaí inmharthana bheoga ag cur seirbhísí riachtanach ar fáil chun an daonra tuaithe a chothabháil.
- Ina mbeidh bonneagar, timpeallacht agus tacaíocht chomhordaithe na ngníomhaireachtaí uile do chruthú na ndeiseanna fostaíochta, go háirithe i réimsí tionscail cruthaitheacha agus dúchasacha faisnéis-bhunaithe, mar ábhar tosaíochta chun tacú le forbairt an Chontae amach anseo.
- Ina gcaomhnófar an Ghaeilge agus ina gcuirfear í chun cinn mar theanga bheo úsáidte go laethúil agus ina dtabharfar tacaíocht do phobail na Gaeltachta, i slí is go neartófar agus go leathnófar na gréasáin sóisialta a chothaíonn an Ghaeilge mar an teanga pobail.
- Ina maolófar tionchair diúltacha an imeallachais trí leordhóthain bonneagair agus ardchaighdeán cumarsáide a sholáthar.
- Ina mbeidh forbairtí nua ag cabhrú le spriocanna a bhaineann le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, lena n-áirítear:
  - meas a léiriú don oidhreacht atá ann sa Chontae, idir nádúrtha, tógtha agus cultúrtha, leis an tuath oscailte san áireamh,
  - an leas is fearr a bhaint as a bhfuil ann de bhonneagar sóisialta agus fisiceach.
  - cur le soláthar bonneagair sóisialta den scoth laistigh de na lonnaíochtaí.

2.9 Cuspóirí Foriomlána

Cuspóir Uimh.	Cuspóirí Foriomlána
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
OS 4-1	Caighdeán maireachtála níos fearr a sholáthar do shaoránaigh uile an cheantair trí spreagadh a dhéanamh ar chumas eacnamaíochta an cheantair, cosaint a dhéanamh ar an timpeallacht nádúrtha agus tógtha agus cosaint a oidhreachta chultúrtha.
OS 4-2	Soláthar a dhéanamh maidir le forbairt an cheantair i slí inbhuanaithe ina ndéanfar a chuid sócmhainní sóisialta, cultúrtha, comhshaoil agus eacnamaíocha a chaomhnú do na glúine atá fós le teacht ar an saol.
OS 4-3	Soláthar a dhéanamh d'fhás cothrom ar fud an cheantair trí neartú na bpobal tuaithe agus trí bhonneagar a chur ar fáil a chabhróidh le fostaíocht a chothú sna ceantair sin.

OS 4-4	Bailte agus sráidbhailte an Chontae a neartú, feabhas a chur ar an soláthar bonneagair, mais chriticiúil riachtanach a bhaint amach chun an soláthar seirbhísí iontu a choimeád agus a leathnú agus chun áiteanna cónaithe níos taitneamhaí a dhéanamh astu.
OS 4-5	Cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt Mol Thrá Lí/Chill Airne mar slí chun bonn eacnamaíoch an Chontae a neartú agus feidhmiú mar fhócas ar son na hinfheistíochta isteach.
OS 4-6	Cinntiú go bhfuil na forálacha eiseacha, lena n-áirítear criosú ar úsáid talún, de chuid na Pleananna Ceantair Áitiúil atá glactha, chun fanacht i bhfeidhm ar feitheamh a n-athbhreithniú i rith saolré an Phlean seo.
OS 4-7	Dearadh ar ardchaighdeán a sholáthar i bhforbairt phríobháideach agus phoiblí, ag méadú caighdeáin an fhearainn phoiblí ach ag cothabháil carachtar, foirm agus patrún lonnaíochta na sráidbhailte ag an am gcéanna.
OS 4-8	Bonneagar agus tacaíocht a sholáthar maidir le deiseanna fostaíochta a fhorbairt agus a leathnú, le tionscail dúchasacha faisnéis-bhunaithe san áireamh.
OS 4-9	Cosaint a dhéanamh ar oidhreacht teangeolaíoch agus chultúrtha an Chontae agus an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga bheo an phobail.
OS 4-10	Bearta bainteach le fuinneamh in-athnuaite agus pátrúin lonnaíochta inbhuanaithe a spreagadh chun caomhnú fuinnimh agus pobail inbhuanaithe agus pátrúin taistil sa todhchaí a spreagadh.
OS 4-11	Tír-dhreach an Chontae a chosaint mar shócmhainn eacnamaíoch sa bhreis ar a háilleacht intreach agus luach conláiste.
OS 4-12	Éascú a dhéanamh nuair is féidir, faoi réir pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe, ar bhaill teaghlaigh ar a gcuid talún féin.